

18 Bainistiú dliteanas cánach daoine aonair ar ardrachmas

- 18.1** Is éard atá i gceist le daoine aonair ar ardrachmas ná daoine aonair atá ar bharr an scála rachmais nó ioncaim. Cé go mbíonn critéir éagsúla leagtha síos ag tíortha éagsúla, meastar go ginearálta go bhfuil sócmhainní dar luach idir \$1 mhilliún agus \$50 milliún ag duine aonair ar ardrachmas, agus go bhfuil sócmhainní dar luach níos mó ná \$50 milliún ag duine aonair ar rí-ardrachmas.¹
- 18.2** Bainistíonn na Coimisinéirí Ioncaim daoine aonair ar ardrachmas astu féin laistigh d'aonad tiomnaithe i Rannóg na gCásanna Móra (RCM) dá gcuid.² Is iad príomhróil na Rannóige ná feidhmeanna seirbhíse do chustaiméirí agus feidhmeanna comhlíontachta a chur i gcrích maidir leis na gnóthais chorporáideacha agus na daoine aonair ar ardrachmas a bhfuil an rachmas is mó is Stát acu.
- 18.3** Amhail mí an Mheithimh 2018, bhí thart ar 480 duine aonair ar ardrachmas á mbainistiú laistigh den Rannóg, chomh maith le thart ar 140 eintiteas eile, idir iontaobhais, chomhpháirtíochtaí, chuideachtaí áirithe agus eintitis dhlíthiúla eile. Déileáiltear le neamhchónaitheoirí a bhfuil leasanna suntasacha eacnamaíocha in Éirinn acu sa Rannóg freisin.
- 18.4** I gcás cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó páirt-úinéireacht ag duine aonair ar ardrachmas, a bhfuil scairbhshheilbh ag duine aonair ar ardrachmas iontu nó a bhfuil duine aonair ar ardrachmas ina stiúrthóir orthu, déantar iad a bhainistiú laistigh den cheantar cánach geografach ábhartha nó den cheantar corparáideach RCM ábhartha, de réir mar is cuí. D'fhéadfadh sé go ndéanadh Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas baill teaghlaigh duine dá leithéid a bhfuil ioncaim níos ísle acu a bhainistiú freisin, mar aon le hiontaobhais agus comhpháirtíochtaí a bhfuil baint ag na daoine aonair a bhainistítear sna ceantair leo. Déantar roinnt eastát de chuid daoine aonair ar ardrachmas atá éagtha agus roinnt cásanna féimheachta/leachtaithe a bhainistiú san Aonad freisin. Déantar beagnach na cánacha agus na dleachtanna go léir a bhainistiú laistigh den Aonad. Eisceacht is ea an Cháin Mhaoine Áitiúil (cé go bhféadfaí dliteanas CMA a chur san áireamh in iniúchadh más ábhartha).

1 *Global Wealth Report 2017*, Institiúid Taighde Credit Suisse (Samhain 2017).

2 Bunaíodh Rannóg na gCásanna Móra laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim in 2003, tar éis athbhreithniú a rinne grúpa stiúrtha ar cheap an tAire Airgeadais é. Mhol an grúpa stiúrtha go mbunófar rannóg um chustaiméirí móra chun bainistiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar na cáiníocóirí corparáideacha agus na cáiníocóirí aonair is mó de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

- 18.5** San imscrúdú sin, déantar athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

- na rioscaí cánach a bhaineann le daoine aonair ar ardrachmas
- an creat a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim chun daoine aonair ar ardrachmas a bhainistiú
- na cineálacha creidmheasanna agus faoiseamh a úsáideann daoine aonair ar ardrachmas agus na dliteanais chánach a bhíonn orthu dá mbarr
- an chaoi a n-eagraíonn agus a bhainistíonn na Coimisinéirí Ioncaim a gcuid oibre maidir le seachaint chánach a chosc agus na hidirghabhálacha a dhéanann siad maidir le daoine aonair ar ardrachmas
- an chaoi a dtomhaiseann na Coimisinéirí Ioncaim feidhmíocht.

Na rioscaí cánach a bhaineann le daoine aonair ar ardrachmas

- 18.6** Cé go bhféadfadh a lán leasanna gnó a bheith ag daoine aonair ar ardrachmas, difríocht lárnach idir gnólachtaí móra agus daoine aonair ar ardrachmas chun críocha cánach is ea an teorainn atá leis an bhfaisnéis atá ar fáil don phobal. Is iondúil go ndéantar measúnú ar cháin ar bhonn ioncaim seachas ar bhonn rachmais agus ní cheanglaítear faisnéis a bhaineann le sócmhainní a bheith san áireamh i dtuairisceáin cánach ioncaim. Fágann sé sin go mbíonn dúshlán le sárú ag comhlachtaí ioncaim maidir le daoine aonair ar ardrachmas a aithint agus rioscaí a bhaineann leo a mheas. I bhFíor 18.1, cuirtear i láthair na saincheistean coitianta a bhaineann le daoine aonair ar ardrachmas a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le comhlachtaí ioncaim a bheith ag díriú isteach orthu.

Fíor 18.1 Gnéithe den mheasúnú ar dhliteanais chánach daoine aonair ar ardrachmas



- castacht na ngnóthaí airgeadais — ní mór tuiscint a fháil ar an ngaol idir na daoine aonair, a gcuid sócmhainní, na heintitis atá á rialú acu agus a gcuid foinsí ioncaim
- deiseanna níos mó chun tabhairt faoi phleanáil cánach iomaíoch
- méideanna móra ioncaim cánach a bheith i gceist
- tionchar ar shláine iomlán an chórais cánach — ní mór gur léir go ndéanfar agóid i gcoinne cáiníocóirí ar bith nach bhfuil a ngnóthaí cánach in ord.

Foinse: *Engaging with High Net Worth Individuals on Tax Compliance*, ECFE (2009)

- 18.7** Seo a leanas na rioscaí móra a bhaineann le daoine aonair ar ardrachmas:
- Baineann beagnach gach duine aonair ar ardrachmas úsáid as comhairleoirí cánach gairmiúla agus d'fhéadfadh sé gur mó an deis a bheadh acu leas a bhaint as scéimeanna saincheaptha maidir le seachaint cánach.
 - Is iondúil gur fusa ag daoine aonair ar ardrachmas gluaiseacht thart ar thíortha éagsúla ná ag cáiníocóirí eile. Is mó an seans go mbeidh leasanna agus sócmhainní eacnamaíocha ag daoine aonair ar ardrachmas i níos mó ná dlínse amháin, rud a d'fhéadfadh a fhágáil gur deacra na rialacha cánach a chomhlíonadh.
 - Is minic a íocann daoine aonair ar ardrachmas cóimheas ard Cánach Gnóthachan Caipitiúil (CGT) i gcoibhneas leis na cánacha eile a íocann siad. Baineann CGT le raon leathan idirbhearta sócmhainne, a mbíonn rioscaí ar nós asbhaintí míchearta i gceist leo. Is gné shuntasach iad caillteanais chaipitiúla shaorga ina lán scéimeanna seachanta cánach.

Creat ECFE

- 18.8** In 2008 agus 2009, rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) scrúdú ar bhainistiú daoine aonair ar ardrachmas agus mhol sí go bhféadfadh gníomhaíocht láidir in éineacht le dea-ghníomhaíocht chomhlíontachta agus seirbhís mhaith feabhas suntasach a chur ar chomhlíonadh. I measc na moltaí ó ECFE do lucht riaracháin cánach bhí¹

¹ *Engaging with High Net Worth Individuals on Tax Compliance*, ECFE (2009).

- tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a bhaineann le deighleog na ndaoine aonair ar ardrachmas trí fhéachaint ar scéimeanna iomaíochta maidir le pleanáil cánach
- acmhainn éifeachtach a chothú i dtaobh rioscaí cánach a bhainistiú — ba cheart é sin a dhéanamh trí struchtúir chuí a bhunú agus acmhainní a dhíriú ar aonaid thiomanta ina bhfuil dóthain oifigeach a bhfuil taithí acu ar an réimse sin
- iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí coincheap na comhlíontachta comhoibrithe a chur i bhfeidhm ar dheighleog na ndaoine aonair ar ardrachmas — tá gá le pointí teagmhála tiomnaithe do cháiníocóirí chomh maith le breis béime ar thrédhearcacht agus nochtadh ná mar a cheanglaítear go reachtúil.

18.9 Thuairiscigh aon trian de na comhlachtaí riaracháin cánach a ndearna ECFE suirbhé orthu i leith na bliana 2015 go bhfuil aonaid nó cláir acu a bhfuil de shainchúram orthu bainistiú a dhéanamh ar chúrsaí cánach daoine aonair ar ardrachmas. Cé go mbíonn formhór na n-aonad sin dírithe go ginearálta ar iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí daoine aonair ar ardrachmas, baineann comhpháirt seirbhíse do cháiníocóirí le dhá thrian acu chomh maith. Mar shampla, chuir an Ísiltír raon prionsabal in oiriúint ón gcur chuige comhoibritheach maidir le comhlíonadh a ghlactar i dtaobh gnólachtaí móra a bhainistiú.¹ Ghlac an t-údarás cánach sa Ríocht Aontaithe cur chuige comhoibritheach freisin maidir le daoine aonair ar ardrachmas a bhainistiú.


Bainistiú na gCoimisinéirí loncaim ar dhaoine aonair ar ardrachmas

18.10 Tá daoine aonair ar ardrachmas á mbainistiú ag aonad ar leith laistigh de RCM ó bunaíodh é in 2003. Cé nár ghlac na Coimisinéirí loncaim cur chuige comhoibritheach maidir le daoine aonair ar ardrachmas, sanntar cásbhainisteoir san Aonad do gach duine dá leithéid. Bíonn an cásbhainisteoir freagrach as próifiliú, measúnú riosca agus gníomhaíochtaí comhlíontachta i leith duine aonair ar ardrachmas laistigh dá réimse cásanna féin. Cé go bhféadfadh sé gurb é an cásbhainisteoir a bheidh ag déileáil sa deireadh le fiosrúcháin maidir le seirbhís do chustaiméirí, ní hé an té sin an chéad phointe teagmhála.² D'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine aonair ar ardrachmas ná a ngníomhairí ar an eolas go bhfuil cásbhainisteoir sannta dóibh ná cé hé an té sin. Feidhmíonn an tAonad Frithsheachanta de chuid na gCoimisinéirí loncaim laistigh d'Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas, rud a fhágann gur féidir tabhairt faoin gcur chuige saindírithe ar leag ECFE béim air. Leagtar amach i bhFíor 18.2 an gaol idir na Coimisinéirí loncaim agus gnáth-cháiníocóir i gcomparáid leis an ngaol idir iad agus duine aonair ar ardrachmas.

1 *Tax Administration 2017: Comparative information on OECD and other advanced and emerging economies*, ECFE (2017).

2 Tá aonad tiomanta ann um sheirbhísí do dhaoine aonair ar ardrachmas. Áirítear ar a chuid feidhmeanna seirbhís a sholáthar do chustaiméirí thar ceann Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas. Leis sin, áirítear bainistiú agus próiseáil na míreanna oibre a ghintear de thoradh comhdú tuairisceán bliantúil ag daoine aonair ar ardrachmas gach bliain, chomh maith le cásanna a shainaithint nach gcomhdaítear tuairisceáin.

Fíor 18.2 Bainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ar ghnáth-cháiníocóir i gcomparáid leis an ngaol idir iad agus duine aonair ar ardrachmas



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a Is córas ríomhaire maidir le próifíliú rioscaí é REAP atá in úsáid ó 2008 i leith. Rátálann sé cáiníocóirí, i gcomparáid lena chéile, ag baint úsáid as córais eile na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith le faisnéis ó thríú páirtithe amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Rialtóir Tacsaithe.
 - b Bíonn tionscadail thábhachtacha náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim san áireamh freisin agus cáiníocóirí á roghnú lena n-iniúchadh. Tionscadail náisiúnta um chomhlíonadh atá i gceist leo sin, a bhíonn dírithe ar earnálacha ar leith amhail comhairleoirí leighis agus conraitheoirí.
 - c Sanntar cásbhainisteoir do gach duine aonair ar ardrachmas agus déanann an té sin próifíliú agus measúnú riosca. Baineann cásbhainisteoirí daoine aonair ar ardrachmas úsáid as rialacha REAP chun cuidiú leis an bpróiseas measúnaithe riosca.

Critéir na gCoimisinéirí Ioncaim i leith daoine aonair ar ardrachmas


18.11 Baineann tábhacht leis na tairseacha chun daoine aonair ar ardrachmas a shainiú lena chinntiú go ndírítear go cuí ar cháiníocóirí a mbaineann an riosca is mó leo. Tá sé chomh tábhachtach céanna nach seachnaíonn cáiníocóirí an cur chuige saindírithe toisc na tairseacha ábhartha a bheith ró-ard.

1 Le linn athbhreithniú na bliana 2015, bunaíodh seacht gcinn de cheantair dara leibhéal, a bhíonn ag feidhmiú sna ceithre réigiún oibríochtúla de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, agus iad ag déanamh bainistiú ar cháiníocóirí a mbaineann castacht lena gcuid gnóthaí cánach ach nach gcomhlíonann critéir maidir le daoine aonair ar ardrachmas ná critéir RCM.

18.12 Is iondúil go mbaineann lucht riaracháin cánach leas as sócmhainní agus/nó rachmas mar phríomhchritéir chun a chinneadh cé na daoine atá ar ardrachmas, agus bíonn critéir ioncaim san áireamh ag cuid acu freisin. Is é critéir na gCoimisinéirí Ioncaim chun a mheas go bhfuil duine aonair ar ardrachmas agus go dtiocfaidh sé faoi bhainistíocht Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas ná go bhfuil glansócmhainní dar luach níos mó ná €50 milliún aige nó aici. Is tairseach ard é sin i gcomparáid le dlínsí eile (féach Fíor 18.3). Ó bunaíodh Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas laistigh de RCM in 2003, rinneadh athbhreithniú ar an gcritéir in 2007 agus arís in 2015, ach níor athraíodh é.¹

Fíor 18.3 Tairseacha i leith daoine aonair ar ardrachmas — suirbhé de chuid ECFE don bhliain 2013^{a,b}

Tá an tairseach i leith daoine aonair ar ardrachmas in Éirinn cuid mhaith níos airde ná mar atá amhlaidh i dtíortha eile...



Foinse: *Tax Administrations 2015: Comparative information on OECD and other advanced and emerging economies*, ECFE, 2015


- Nótaí:
- a Rinneadh na tairseacha a thiontú ina euro ag baint úsáid as ráta malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh amhail an 31 Nollaig 2015.
 - b Tá tuilleadh faisnéise maidir le critéir gach tíre in Iarscríbhinn 18A.
 - c An tairseach ag a measann HMRC sa Ríocht Aontaithe gur duine aonair ar ardrachmas é duine, rinneadh í a íslú le linn 2016–2017 go dtí glanfhíúchas níos mó ná €10 milliún.

Anailís de réir earnála ar dhaoine aonair ar ardrachmas

- 18.13** Is iondúil gur saintréith de chuid daoine aonair ar ardrachmas é go mbaineann castacht lena gcuid gnóthaí, mar sin ní ionadh ar bith é go mbíonn an claonadh iontu a bheith ag feidhmiú i roinnt earnálacha eacnamaíocha éagsúla. I gcás ina ndearna cáiníocóir babhtaí iomadúla trádála nó a raibh sé ag feidhmiú ina lán earnálacha, sannann na Coimisinéirí loncaim cód earnála dó lena léirítear an ghníomhaíocht phríomha nó an ghníomhaíocht is suntasaí a rinneadh. Tá an cód earnála reatha atá ar taifead ag na Coimisinéirí loncaim i leith gach duine aonair ar ardrachmas léirithe i bhFíor 18.4.¹

Fíor 18.4 Anailís de réir earnála ar dhaoine aonair ar ardrachmas amhail mí an Mheithimh 2018^a

Is in earnáil an eastáit réadaigh a dhéantar an tríú cuid de ghníomhaíochtaí daoine aonair ar ardrachmas...



Foinse: Na Coimisinéirí loncaim. Anailís de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Anailís a rinneadh ar dhaoine aonair ar ardrachmas. Níor cuireadh san áireamh cuideachtaí, iontaobhais, comhpháirtíochtaí comhlachaithe etc.
 - b I gcás na gcód a bhaineann go sonrach leis na Coimisinéirí loncaim, tá feidhm acu go ginearálta maidir leis na nithe seo a leanas: imeachtaí aonuaire ar nós diúscairtí; céillí agus leanaí an duine aonair ar ardrachmas atá ag fáil ioncam fostaíochta; fáiltais ó dhiúscairt nó ó bhronntanas; agus daoine aonair ar ardrachmas a bhfuil ioncam stiúthóra acu a bhfuil feidhm ag ÍMAT nó Sceideal E ina leith.
 - c Cuimsítear le gníomhaíochtaí agus earnálacha eile gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhíse bia; gníomhaíochtaí teaghlach i gcáil fostóirí; gníomhaíochtaí riaracháin agus seirbhísí tacaíochta; gníomhaíochtaí sláinte an duine agus oibre sóisialta; gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíoch agus teicniúla; iompar agus stóráil; trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar; faisnéis agus cumarsáid; déantúsaíocht; agus gníomhaíochtaí seirbhísí eile.

1 Is iad na cóid earnála a úsáideann na Coimisinéirí loncaim ná cóid NACE. Is rangú staitistiúil é NACE ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus is san Aontas Eorpach a forbraíodh é.

Cáin ioncaim — 2015

18.14 In 2015, bhí glancháin iomlán €13.8 billiún dlite i ndáil le gach íocóir cánach ioncaim, agus bhí €473 milliún (3.4%) de sin dlite i ndáil le 334 duine aonair ar ardrachmas.^{1,2} Ní áirítear leis sin Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGT) ná Cáin Fáltas Caipitiúil (CAT). In 2015, d'íoc daoine aonair ar ardrachmas 9.3% de na fáлтаis go léir ó CGT, arb ionann é agus thart ar €64.4 milliún, agus 2% den CAT go léir a íocadh, is é sin thart ar €8 milliún. Clúdaítear raon catagóirí cánach le dliteanais chánach na ndaoine aonair ar ardrachmas. Léiríonn Fíor 18.5 an meánráta iarbhair a d'íoc na hÍocóirí cánach ioncaim go léir agus an meánráta iarbhair a d'íoc daoine aonair ar ardrachmas chomh maith leis an meánmhéid cánach a bhí dlite i leith gach grúpa.


1 I gcás na sonraí is déanaí a sholáthair na Coimisinéirí Ioncaim amhail an 28 Meitheamh 2018, is le 2015 a bhaineann siad.

2 Áiríodh ansin roinnt daoine aonair ar ardrachmas nár íoc aon cháin ach, i gcásanna áirithe, a d'íoc ÁSPC, MSU, tobhach sainchónaithe nó meascán díobh sin.

18.15 Is ísle é líon na gcáiníocóirí a chomhdaíonn tuairisceán cánach ioncaim (334 i leith 2015) ná an líon daoine a bhainistítear san Aonad, agus tá cúiseanna éagsúla leis sin. Déantar roinnt cásanna féimheachta agus cásanna eastáit a bhainistiú laistigh den Aonad; agus ní dhéantar bainistiú ar roinnt daoine aonair ar ardrachmas ach maidir le CGT nó CAT amháin. Chomh maith leis sin, cuimsítear i líon na gcáiníocóirí lánúineacha arna gcóimheasúnú a gcaitear leo mar aon aonad amháin cáiníocóra. Ina theannta sin, d'fhéadfadh leasanna suntasacha eacnamaíocha a bheith ag roinnt daoine aonair ar ardrachmas (tithe saoire, mar shampla) sa Stát ach d'fhéadfadh sé nach gceanglaítear orthu tuairisceán cánach ioncaim a chomhdú.

- 18.16** Folaíonn na meáin a léirítear i bhFíor 18.5 éagsúlachtaí suntasacha idir daoine aonair ar ardrachmas. Dáileadh na rátaí cánach iarbhair agus iomlán na glanchánach atá dlite i leith na 334 duine aonair ar ardrachmas mar atá léirithe i bhFíor 18.6 thíos.

Fíor 18.6 Dáileadh na rátaí cánach iarbhair agus iomlán na glanchánach atá dlite^a



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Íocadh €129.8 milliún san iomlán i ndáil le MSU agus €23.8 milliún san iomlán i ndáil le ÁSPC, chomh maith leis an tsuim €473 milliún i leith cáin ioncaim.

¹ Is é €125,000 an tairseach ioncaim a shonraítear sa srian ina dtaobh siúd a thuilleann ardioncam (féach mír 18.24 agus mír 18.25).

² Ba é €686 meánmhéid an tuillimh thionsclaíoch in aghaidh na seachtaine in 2015. Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

- 18.17** Léiríonn na méideanna réasúnta íseal cánach atá dlite ó líon mór daoine aonair ar ardrachmas an méid ioncaim ar ioncam inchánach é agus an úsáid a bhaintear as creidmheasanna agus faoisimh. Is ó líon beag cáiníocóirí a tháinig an cháin ioncaim iomlán a bhí dlite ó dhaoine aonair ar ardrachmas in 2015, agus ba ó dhíreach deichniúr cáiníocóirí a bhí 85% den cháin ioncaim dlite.


- 18.18** Ag féachaint ar ioncam inchánach, bhí ioncam inchánach níos lú ná €125,000 ag 140 duine aonair ar ardrachmas (42%).¹ As a measc siúd, bhí ioncam inchánach ag 83 duine acu (25%) ar lú é ná an meánphá tionsclaíoch.²

Creidmheasa agus faoisimh

- 18.19** Áirítear leis an gcód cánachais roinnt caiteachais cánach i bhfoirm faoisimh chánach agus creidmheasanna cánach a mbeadh sé d'éifeacht acu, dá mbeidís infheidhme, go laghdófaí an dliteanas cánach ar dhuine. In 2015, d'éiligh daoine aonair ar ardrachmas €93 milliún san iomlán i gcreidmheasanna cánach agus faoisimh chánach. Tá sonraí breise i bhFíor 18.7.
- 18.20** Áirítear sa chatagóir 'eile' i bhFíor 18.7 roinnt liúntas agus faoiseamh ar bhain níos lú ná deichniúr de na daoine aonair ar ardrachmas úsáid astu, as ar eascair sochair do cháiníocóirí a raibh meánluach €167,000 acu.¹
- 18.21** Cé gur minic gur maith an riocht ina mbíonn siad siúd a thuilleann ardioncam chun leas a bhaint as réimse leathan creidmheasanna agus faoiseamh, d'fhéadfadh cáin bhreise a bheith dlíte uathu freisin de bharr a n-ardioncaim ar bhonn an tobhaigh sainchónaithe agus an tsriain ar lucht ardioncaim.

Fíor 18.7 Na creidmheasanna cánach agus na faoisimh chánach is minice a mbaineann daoine aonair ar ardrachmas úsáid astu, de réir costais agus lín, 2015^{a, b}

Cuimsítear sna liúntais chaipitil mar aon le faoisimh i leith caillteanais 87% de chostas na gcreidmheasanna cánach agus na bhfaoiseamh chánach...



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a Is féidir éilimh a bheith ag cáiníocóir i níos mó ná catagóir amháin. Is mar aon aonad amháin cáiníocóra a áirítear lánúineacha a ndéantar cóimheasúnú orthu.
 - b Áirítear leis na creidmheasanna cánach pearsanta creidmheasanna aoise agus creidmheasanna ÍMAT. Bhí éilimh ag roinnt cáiníocóirí i níos mó ná ceann amháin de na catagóirí sin.
 - c Áirítear le 'Eile' thart ar €1.5 milliún maidir le 108 cáiníocóir a fuair creidmheas i leith ús a bhí bainte ag an bhfoinse roimhe sin ag institiúidí airgeadais faoin scéim um Cháin Choinneála ar Ús Taisce.


1 Is éard atá i gceist leo seo liúntas cothabhála; faoiseamh um fhoirgnimh agus gairdíní suntasacha; faoiseamh um chaipiteal fiontair; agus faoiseamh trasteorann.

An tobhach sainchónaithe

- 18.22** Tá feidhm ag tobhach €200,000 in aghaidh na bliana i leith daoine aonair a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn agus ar lú a gcáin ioncaim in Éirinn i leith bliana ná €200,000, ach a bhfuil luach breis is €1 mhilliún ag a gcuid ioncaim ar fud an domhain agus a bhfuil maoin acu in Éirinn ar fiú níos mó ná €5 mhilliún í. Is féidir cáin ioncaim Éireannach a íocadh a fhritháireamh i gcoinne an tobhaigh.¹ Rinneadh an tobhach sainchónaithe a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta laistigh de RCM go dtí 2016. Tá sé á bhainistiú anois laistigh de cheantair réigiúnacha na gCoimisinéirí Ioncaim.
- 18.23** Go praiticiúil, ba bheag é líon na ndaoine a raibh feidhm ag an tobhach ina leith, agus rinneadh an méid a bailíodh a fhritháireamh, cuid mhór nó cuid bheag, le híocaíochtaí cánach eile (féach Fíor 18.8).

Fíor 18.8 An tobhach sainchónaithe, 2012 go 2016^a

Meánluach an tobhaigh
sainchónaithe a íocadh €



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Le linn na tréimhse 2010 go 2014, ba de bhun idirghabháil ó na Coimisinéirí Ioncaim a fuarthas 47% den fháltas ón tobhach sainchónaithe.


1 Tugadh an tobhach sainchónaithe isteach faoin Acht Airgeadais, 2010 agus bhíodh sé dlíte ó dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn agus ar saoránaigh Éireannacha iad. Rinneadh na critéir sin a athrú in 2012 ionas nach gceanglaítear a thuilleadh gur saoránaigh Éireannacha iad.

Srian ar Lucht Ardioncaim

- 18.24** Leis an srian ar lucht ardioncaim, cuirtear srian ar an úsáid is féidir a bhaint as faoisimh chánach agus díolúintí cánach i gcás cáiníocóirí a bhfuil a n-ioncam coigeartaithe cothrom le €125,000 nó níos mó.¹ Tá feidhm aige sin sa chás ina bhfuil iomlán na bhfaoiseamh arna n-éileamh níos mó ná €80,000 agus ina bhfuil méid comhiomlán na faoiseamh sonraithe a úsáideadh níos mó ná 20% den ioncam coigeartaithe.²
- 18.25** Le linn na tréimhse 2012 go 2015, tháinig méadú ar an meánmhéid cánach breise a bailíodh mar gheall ar an srian ar lucht ardioncaim, ach tá laghdú tagtha ar líon na gcáiníocóirí a fócann é (féach Fíor 18.9). Daoine aonair ar ardrachmas arbh ea 6% ar an meán de líon iomlán na gcáiníocóirí a raibh feidhm ag an srian ar lucht ardioncaim ina leith, ach d'íoc siad 21% den mhéid iomlán cánach ioncaim breise a bailíodh.

Fíor 18.9 Srian ar Lucht Ardioncaim — daoine aonair ar ardrachmas, 2012 go 2015^{a, b}

Meánmhéid cánach breise a bailíodh €



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Áirítear le faoisimh shonraithe faoiseamh cánach maoine ar bhonn earnála agus limistéir, díolúintí áirithe a bhaineann le hioncam ealaíontóirí agus ríchíosanna paitinne, faoiseamh áirithe um dhreasacht infheistíochta áirithe agus faoiseamh ar ús a íoctar ar iasachtaí a úsáidtear chun leas a fháil i gcuideachta nó i gcomhpháirtíocht.
 - b Ní bheidh sonraí na bliana 2016 ar fáil go dtí amach in 2018.

1 Is ionann an t-ioncam coigeartaithe i leith bliain chánach agus ioncam inchánach iomlán an duine aonair, sula gcuirtear an srian i bhfeidhm, chomh maith le méid comhiomlán na bhfaoiseamh chánach sonraithe a úsáideadh sa bhliain, lúide ioncam imfhaláithe (is é sin, ioncam a mbíonn cáin dlite air de ghnáth ar rátaí sonracha beag beann ar na méideanna atá i gceist nó ar ráta chánach imeallach an duine, e.g. ús as a n-asbhaintear DIRT).

2 Tháinig an srian ar lucht ardioncaim i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2007.

3 Clár ríomhairithe um próifíliú rioscaí is ea REAP atá in úsáid ó 2008 i leith. Rátálann sé cáiníocóirí, i gcomparáid lena chéile, ag baint úsáid as córais eile na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith le faisnéis ó thríú páirtithe.

Measúnú riosca

- 18.26** San am atá caite, is éard a bhí i gceist leis an measúnú riosca i ndáil le daoine aonair ar ardrachmas ná scagadh láimhe a dhéanamh ar gach tuairisceán cánach dá gcuid chun míreanna suntasacha nó míreanna neamhghnácha a shainaithint. Bhí méid mór oibre i gceist leis sin, rud a d'fhág go raibh moill ar na babhtaí scagtha agus ar dhéileáil le fiosruithe a d'eascair astu. In 2016, thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach clár pólótach measúnaithe riosca chun cabhrú leo cáiníocóirí a shainaithint a bhfuil idirghabháil de dhíth ina leith. Cuireadh tús leis an gclár pólótach le measúnuithe riosca i leith 2012 agus 2013. Leis an gcur chuige sin, úsáidtear uirlisí measúnaithe riosca ar nós REAP, chomh maith le saineolas na gcásbhainisteoirí agus faisnéis ó thríú páirtithe, in ionad tuairisceáin a scagadh de láimh.³ Measadh gur éirigh leis an gclár pólótach agus tá sé á chur i bhfeidhm de réir a chéile anois.
- 18.27** Tá faisnéis áitiúil, idirbhearta áirithe, nochtadh cáiníocóirí agus riachtanais náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim ina bpríomhghnéithe eile den phróiseas measúnaithe riosca i leith daoine aonair ar ardrachmas.

Frithsheachaint

- 18.28** Le seachaint cánach, tagraítear d'úsáid a bhaint as faoisimh chánach agus liúntais chánach ar bhealach nach raibh beartaithe ina leith. Is minic a n-eascraíonn seachaint cánach ó scéimeanna a ndéantar a mhargú i dtaobh seachaint cánach. Is féidir scéimeanna den sórt sin a dhíol le duine amháin nó níos mó agus is iondúil go mbíonn idirbhearta saorga i gceist leo nach mbíonn mórán de chuspóir leo, más cuspóir ar bith, seachas buntáiste cánach a thabhairt don cháinióicóir.
- 18.29** Is minic a n-eascraíonn dlíthíocht as obair frithsheachanta na gCoimisinéirí loncaim — mar shampla, rinne na cáinióicóirí agóid i gcoinne na measúnuithe go léir a d'ardaigh na Coimisinéirí loncaim in 2016 a bhain le scéimeanna a raibh amhras ina leith gur scéimeanna frithsheachanta iad. Go minic, i gcás cáinióicóirí a bhfuil fonn orthu leas a bhaint as táirgí seachanta cánach, measann siad go ndéanfaidh na Coimisinéirí loncaim agóid ina gcoinne agus bíonn siad toilteanach achomharc a dhéanamh ina leith. Glacann an dlíthíocht cuid mhaith ama ar na Coimisinéirí loncaim agus baineann deacrachtaí léi freisin i dtéarmaí pleanála toisc nach furasta i gcónaí fad ré imeachtaí cúirte a mheas.
- 18.30** Sna Coimisinéirí loncaim, bíonn ról ceannais ar an leibhéal náisiúnta ag Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas maidir le straitéis frithsheachanta na gCoimisinéirí loncaim a cheapadh, a bhainistiú agus a chur chun feidhme. Ní bhaineann iomlán na hoibre frithsheachanta a dhéanann an tAonad le daoine aonair ar ardrachmas. Mar shampla, i rith 2016, socraíodh 40 cás seachanta, agus bhain ceithre cinn acu siúd le daoine aonair ar ardrachmas a dhéantar a bhainistiú san Aonad. Tá ról ag oifigí réigiúnacha na gCoimisinéirí loncaim freisin i dtaobh idirbhearta iomaíocha maidir le seachaint chánach a shainaithint agus agóid a dhéanamh ina gcoinne, i gcomhar le hAonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas.¹

Freagra na gCoimisinéirí loncaim ar sheachaint

- 18.31** Mhínigh ECFE in 2009 go bhfuil tuiscint dhomhain ar an margadh seachanta cánach riachtanach sula bhféadfaidh lucht riaracháin cánach gníomhaíochtaí seachanta a laghdú nó deireadh a chur leo. Tá sé ríthábhachtach eolas a bheith ar na gnéithe a spreagann an t-éileamh ar tháirgí seachanta, chomh maith le tuiscint ar an margadh i gcomhair táirgí den sórt sin.
- 18.32** Tá aitheantas tugtha ag ECFE don tábhacht a bhaineann le hAonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas idé chuid údarás cánach a bheith ag obair i ndlúthchomhar lena hAonad Frithsheachanta, más ann dá leithéid. Is san aonad céanna a dhéantar obair na gCoimisinéirí loncaim maidir le daoine aonair ar ardrachmas agus frithsheachaint cánach, rud atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sin. Baineann tábhacht ollmhór leis an bhfaisnéis a bhailítear ar dhaoine aonair ar ardrachmas, go háirithe trí idirghníomhaíocht dhíreach le daoine aonair dá leithéid agus lena gcuid comhairleoirí, i dtaobh seachaint cánach a thuiscint agus cur i gcoinne an chleachtais sin.
- 18.33** Is próiseas leanúnach é daoine aonair ar ardrachmas a shainaithint lena n-áireamh in obair an Aonaid. Toisc nach gcuirtear faisnéis ar rachmas ná ar ghlansócmhainní faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim, ní mór daoine aonair ar ardrachmas a shainaithint ó raon foinsí agus faisnéise, lena n-áirítear tuairiscí sna meáin.
- 18.34** Le Líonra Frithsheachanta Náisiúnta na gCoimisinéirí loncaim, cuirtear fóram ar fáil don mhionanailís theicniúil ar chásanna seachanta agus tugtar tacaíocht do na réigiúin chun déileáil le saincheisteanna agus cásanna frithsheachanta.²

¹ Ag deireadh ráithe 1, 2018, bhí 420 cás ann ina raibh cúnamh teicniúil á sholáthar d'oifigí réigiúnacha na gCoimisinéirí loncaim.

² Cuimsítear sa líonra ionadaithe ó na trí cheantar frithsheachanta, ionadaithe ó Sheirbhísí Reachtaíochta na gCoimisinéirí loncaim agus ionadaithe ó Rannóg Pleanála na gCoimisinéirí loncaim. Bíonn Seirbhísí Reachtaíochta na gCoimisinéirí loncaim freagrach as cás a chur faoi bhráid na Roinne Airgeadais maidir le hathruithe ar an reachtaíocht chánach, má mheastar gur gá sin.

- 18.35** In 2017, d'ullmhaigh na Coimisinéirí Ioncaim doiciméad ina leagtar amach an cur chuige atá acu maidir le hidirghabhálacha comhlíontachta i leith na frithsheachanta agus na hábhair chastachta a bhíonn i gceist leo. Tugtar achoimre in Iarscríbhinn 18B ar phríomhghnéithe an doiciméid sin. In Iarscríbhinn 18C, tugtar samplaí de roinnt scéimeanna seachanta cánach a shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim.

Uirlisí reachtúla na gCoimisinéirí loncaim chun agóid a dhéanamh i gcoinne na seachanta cánach

Rialacha frithsheachanta

18.36 Tá dhá rogha ag na Coimisinéirí loncaim maidir le hagóid a dhéanamh i gcoinne na seachanta cánach.

- An riail ghinearálta frithsheachanta (GAAR) — tá an GAAR ceaptha chun an ceann is fearr a fháil ar scéimeanna seachanta cánach ar beag an cuspóir tráchtála atá leo, más cuspóir tráchtála ar bith, agus a dtéitear ina mbun go príomha chun buntáiste cánach a bhaint amach. Más amhlaidh atá, níl an cáiníocóir i dteideal an buntáiste cánach a éileamh agus an tuairisceán cánach á chur isteach. Níl aon teorainn leis an tréimhse ama inar féidir leis na Coimisinéirí loncaim agóid a dhéanamh i gcoinne buntáiste cánach atá contrártha le GAAR nó é a tharraingt siar.
- Rialacha sonracha frithsheachanta (SAARanna) — tá go leor SAARanna spriocdhírthe ar fud na reachtaíochta cánach. Úsáideann na Coimisinéirí loncaim iad de ghnáth chun dul i ngleic le cineálacha idirbhearta atá níos sainiúla nó níos teoranta ná na hidirbhearta a bhfuil feidhm ag GAAR maidir leo. Nuair a fhéachann duine le sochar a bhaint as aon bhuntáiste cánach arna tharraingt siar le ceann de na SAARanna, féadfar formhuirear seachanta cánach suas le 30% a ghearradh.

18.37 Is féidir le cáiníocóirí céimeanna a ghlacadh ionas nach mbeidh formhuirear seachanta cánach dlite orthu.

- Is féidir le cáiníocóirí nochtadh cáilitheach seachanta (QAD) a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim más rud é go ndeachaigh siad i mbun scéim seachanta cánach agus gur chinn siad ina dhiaidh sin a ngnóthaí cánach a réiteach. Féadfar é a chur isteach tráth ar bith tar éis tuairisceán cánach a chomhdú ach ní mór é a bheith istigh sula n-éistfidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach an cás. D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh air sin go ndéanfaí laghdú 30% ar an bhformhuirear seachanta cánach, agus nach bhfoilseofar na sonraí ar an liosta mainnitheoirí cánach.
- Is féidir le cáiníocóirí fógra cosantach a chomhdú má tá imní orthu go bhféadfadh na Coimisinéirí loncaim agóid a dhéanamh faoi GAAR i gcoinne scéim a bhfuil siad páirteach inti. Ciallaíonn fógra cosantach nach mbeidh feidhm ag an bhformhuirear seachanta cánach má éiríonn leis na Coimisinéirí loncaim agóid a dhéanamh i gcoinne na scéime faoi GAAR. Chomh maith leis sin, ní ghearrfar ús go dtí 30 lá tar éis an mheasúnaithe de chuid na gCoimisinéirí loncaim.

Córas nochta shainordaithe

18.38 Tháinig an córas nochta shainordaithe i bhfeidhm in 2011 agus faoin gcóras sin cuirtear oibleagáid ar thionscnóirí, ar mhargóirí agus ar úsáideoirí 'idirbheart in-nochta' na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas faoin idirbheart. Is éard atá i gceist le hidirbheart in-nochta ná ceann a bhféadfadh a bheith ina thoradh air go bhfaigheadh duine buntáiste cánach atá, nó a mheastar a bheidh, ar cheann de phríomhshochair na scéime.¹ I bhformhór na gcásanna, tá an dualgas ar an tionscnóir na hidirbhearta a nochtadh.² Eisíonn na Coimisinéirí loncaim uimhir idirbhirt a bhaineann go sonrach leis an scéim an tráth a dhéantar nochtadh sainordaitheach. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil na Coimisinéirí loncaim sásta leis an scéim, ná nach scéim seachanta cánach í.

1 Ina theannta sin, má mheaitseálann an scéim aon cheann de na tuairiscí sonraithe a leagtar amach sa reachtaíocht, measfar gur idirbheart in-nochta é.

2 Tá an dualgas ar an gcáiníocóir nochtadh a dhéanamh sna cásanna seo a leanas — sa chás ina bhfuil an tionscnóir lasmuigh d'Éirinn, sa chás nach féidir leis an tionscnóir nochtadh a dhéanamh de bharr pribhléid ghairmiúil nó sa chás nach bhfuil aon tionscnóir ann.

- 18.39** Go dtí seo, tá 11 nochtadh sainordaitheach maidir le 494 cáiniócóir faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim, agus fuarthas seacht gcinn díobh in 2011. Deir na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil na cásanna sin go léir á scrúdú nó go bhfuiltear á n-agóid. Go dtí seo, níor aithin na Coimisinéirí Ioncaim aon scéimeanna tríd an obair a dhéanann siad maidir le seachaint cánach a mheasann siad ar chóir iad a bheith nochta tríd an gcóras nochta shainordaitheach agus nár nochtadh iad amhlaidh.

Achomhairc

- 18.40** Is iondúil gurb é an Coimisiún um Achomhairc Chánach a éisteann achomhairc chánach ar an gcéad dul síos. Is féidir cinntí arna ndéanamh ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach a achomharc chuig na Cúirteanna. Leagtar amach i bhFíor 18.10 na cinntí deiridh a rinneadh thar an tréimhse 2013 go 2017 maidir le hachomhairc a bhaineann le daoine aonair ar ardrachmas agus le cásanna frithsheachanta. Le linn na tréimhse sin, seasadh leis na cinntí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 68% de na hachomhairc.

Fíor 18.10 Cinntí deiridh maidir le hachomhairc a bhain le daoine aonair ar ardrachmas agus le frithsheachaint, 2013 go 2017

	Cinneadh deiridh		Toradh	
	An Coimisiún um Achomhairc Chánach ^a	Na Cúirteanna	I bhfabhar an Cháiniócóra	I bhfabhar na gCoimisinéirí Ioncaim
2013^b	2	—	1	1 ^d
2014^b	17	—	1	16
2015^{b,c}	5	3	4	4
2016^c	—	1	1	—
2017	4	5	5	4

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a I mí an Mhárta 2016, tháinig an Coimisiún um Achomhairc Chánach in ionad Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.
 - b Ina theannta sin, dúnadh trí chás inar léiríodh cinneadh roimh 2013 i rith na tréimhse 2013 go 2015 ar bhonn achomharc a bheith á tharraingt siar ag cáiniócóir.
 - c Maidir le hachomharc amháin a cinneadh in 2015, bhí 964 cás leanúnach ag gabháil leis. Maidir le hachomharc amháin a cinneadh in 2016, bhí 1,100 cás leanúnach ag gabháil leis.
 - d Is féidir breith a thabhairt i bhfabhar an cháiniócóra agus na gCoimisinéirí Ioncaim araon ar phointí éagsúla i gcásanna aonair. Is amhlaidh a bhí i gcás amháin in 2013.

Idirghabhálacha

- 18.41** Is é príomhchuspóir an chláir comhlíontachta atá ag na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh daoine aonair ar ardrachmas ná comhlíonadh deonach a chur chun cinn agus neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh. Ceithre phríomhchineál idirghabhálacha comhlíontachta atá ann — ceist faoi ghné, agallamh próifíle, iniúchadh agus imscrúdú (féach larscríbhinn 18D). Cinneann na Coimisinéirí Ioncaim an cineál idirghabhála lena úsáid agus an riosca measúnaithe á chur san áireamh acu, mar aon leis an méid ama agus na hacmhainní atá ar fáil.
- 18.42** D'fhéadfadh idirghabhálacha comhlíontachta a theacht i gceist ó chlár measúnaithe riosca Aonad na Daoine ar Ardrachmas agus ón scagadh ar dhaoine aonair ar ardrachmas, agus ó obair frithsheachanta an Aonaid.
- 18.43** Tugtar achoimre i bhFíor 18.11 ar thorthaí na n-idirghabhálacha a rinneadh i ndáil le daoine aonair ar ardrachmas, agus idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhonn níos leithne.

Fíor 18.11 Torthaí i leith na comhlíontachta i gcás daoine aonair ar ardrachmas agus na frithsheachanta i gcomparáid le torthaí go léir na gCoimisinéirí Ioncaim i leith na comhlíontachta, 2015

	Torthaí go léir na gCoimisinéirí Ioncaim ^a	Daoine aonair ar ardrachmas
An cion idirghabhálacha a bhfuarthas 'toradh' dá mbarr		
Idirghabhálacha neamhiniúcháireachta	15%	16%
Iniúchtaí	68%	85%
Na hidirghabhálacha go léir	16%	19%
Meántoradh in aghaidh an cháis a bhfuarthas toradh dá bharr		
Idirghabhálacha neamhiniúcháireachta	€4,400	€194,200 ^b
Iniúchtaí	€76,500	€295,900
Na hidirghabhálacha go léir	€8,500	€212,900 ^b

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a *Tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí 2015*, An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, caibidil 15.

b Ní áirítear san fhigiúr seo an idirghabháil as a bhfuarthas an toradh ba mhó, toisc gur luach an-asluiteach a bhí i gceist.

- 18.44** Le haghaidh 2015, ba airde a bhí cion na n-idirghabhálacha neamhiniúcháireachta agus iniúcháireachta as a bhfuarthas toradh i gcás Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas i gcomparáid le hidirghabhálacha go léir na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí an meántoradh in aghaidh an cháis as a bhfuarthas toradh i gcás idirghabhálacha neamhiniúcháireachta i ndáil le daoine aonair ar ardrachmas thart ar 44 oiread chomh mór le suim na n-idirghabhálacha neamhiniúcháireachta go léir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí an meántoradh in aghaidh an cháis as a bhfuarthas toradh i gcás idirghabhálacha iniúcháireachta i ndáil le daoine aonair ar ardrachmas thart ar ceithre hoiread chomh mór le suim na n-idirghabhálacha iniúcháireachta go léir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

- 18.45** Le linn na tréimhse 2012 go 2016, cáin ioncaim a bhí i gceist i ndíreach os cionn 50% den toradh iomlán ó idirghabhálacha i ndáil le daoine aonair ar ardrachmas. Cáin chorparáide a bhí i gceist in 7% díobh agus CBL in 4%. Meascán de chánacha eile, amhail dleacht stampa, cáin fáltas caipitiúil agus cáin gnóthachan caipitiúil a bhí i gceist le 39% díobh.

Athbhreithniú ar na hidirghabhálacha

- 18.46** Mar chuid den scrúdú sin, rinneadh roghnú randamach i gcomhair athbhreithnithe ar 29 idirghabháil as a bhfuarthas toradh agus ar dúnadh iad in 2015¹ Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar an idirghabháil as a bhfuarthas an toradh ba mhó. Ba é an toradh iomlán a fuarthas ón 30 cás ná €16.7 milliún i gcáin, ús agus pionóis.² Mar chuid den athbhreithniú sin, rinneadh an t-ús agus na pionóis a gearradh (díreach os cionn €4 mhilliún) a ríomh as an nua i leith na gcásanna a roghnaíodh.
- 18.47** Bhí clár maidir le nochtadh cáilitheach seachanta i bhfeidhm in 2015, agus bhain 14 chás idirghabhála as an 30 cás a ndearnadh athbhreithniú orthu leas as an bhforáil sin chun a gcuid gnóthaí cánach a réiteach. Ba san Acht Airgeadais, 2014 a tugadh isteach an córas sin.³ Chun cáiliú mar QAD, ní mór an cháin agus an t-ús go léir is iniúchta a bheith ag gabháil leis an nochtadh.
- 18.48** Fuarthas toradh níos mó ná €10 milliún ar cheist amháin faoi ghné in 2015. Idirbhearta casta arbh ea na cinn as ar eascair na cailleanais a éilíodh sa chás sin agus mhaígh an cáiníocóir go raibh táillí gairmiúla le híoc aige nó aici dá mbarr. Bhí na Coimisinéirí loncaim den tuairim go raibh na táillí sin réasúnta agus cheadaigh siad don cháiníocóir an méid sin a asbhaint agus an cháin a bhí dlite á ríomh, gan an sonrasc a fheiceáil agus gan cruthúnas ar íocaíocht. Mar thoradh air sin, rinneadh laghdú €270,000 ar an gcáin a bailíodh mar chuid den socrú deiridh. Ní raibh na Coimisinéirí loncaim in ann a dhearbhu nár íocadh na táillí gairmiúla i leith comhairle um sheachaint cánach maidir leis na hidirbhearta a ndearnadh agóid ina gcoinne.
- 18.49** Thug an fhoireann scrúdaithe ar aird gurb amhlaidh, i gcás cáiníocóir amháin a bhain leas as an gclár QAD, go raibh an méid iomlán cánach agus ús a bhí dlite íoctha aige nó aici sular tugadh isteach an córas QAD. Bhí pionóis gan íoc go fóill. Thug na Coimisinéirí loncaim cuireadh don cháiníocóir QAD a dhéanamh, rud a rinne an té sin. Mar thoradh air sin, aisíocadh 20% den ús a bhí íoctha cheana féin, agus seachnaíodh pionóis agus foilsíú.
- 18.50** Tugadh ar aird i gcás amháin a ndearnadh athbhreithniú air gur cuireadh i bhfeidhm laghdú 17% ar an ús iomlán a gearradh de dheasca moilleanna maidir le dul chun cinn san achomharc.⁴ Deir na Coimisinéirí loncam gurb amhlaidh, cé nach bhfuil aon fhoráil ann chun maolú a dhéanamh ar ús, go gcuirfidh siad san áireamh corrúair moilleanna ar an dul chun cinn i leith cáis/achomhairc má fhágann an mhoill sin go ndéantar dochar do staid airgeadais an cháiníocóra.

Socruithe neamhchaighdeánacha maidir le híocaíochtaí ar bhonn céimnithe

- 18.51** Is féidir leis na Coimisinéirí loncaim éascú ar bhonn lamháltais do chásanna ina ndéantar socruithe neamhchaighdeánacha maidir le híocaíochtaí ar bhonn céimnithe. Leagtar síos i dtreoirínte na gCoimisinéirí loncaim an fhianaise a éilítear sula gceadaítear socruithe den sórt sin.⁵ Sonraítear sna treoirínte freisin go bhféadfaidh socruithe maidir le híocaíocht ar bhonn céimnithe/tráthchodanna a bheith lasmuigh de threoirínte na gCoimisinéirí loncaim i gcásanna áirithe. Mar sin féin, ní shonraítear go sainráite sna treoirínte cé na cúinsí inar cheart na socruithe sin a dheonú.

1 I gcás cáiníocóir amháin, rinneadh athbhreithniú ar dhá idirghabháil.

2 I gcás dtrí cinn de na hidirghabhálacha a ndearnadh athbhreithniú orthu, rinneadh lua thar ceart ar na torthaí. Bhí na botúin sin ina gcúis le 0.2% den toradh iomlán comhlíontachta a ndearnadh athbhreithniú air (€35,953).

3 Faoi alt 87(1)(b)(i) den Acht Airgeadais, 2014, ceadaítear do cháiníocóir, a chuaigh i mbun idirbheart seachanta cánach ar an 23 Deireadh Fómhair 2014 nó roimhe sin, socrú a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim tríd an gcáin nó an dleacht atá dlite agus iniúchta a íoc agus laghdú 20% a chur i bhfeidhm ar an méid úis a bheadh dlite murach an socrú.

4 Rinneadh an laghdú 17% sa chás seo a ríomh roimh an laghdú 20% a leagtar amach faoin gcóras QAD.

5 Bíonn ráitis bhainc, próifíilí fiachais, agus sceidil bheartaithe aisíocaíochta i measc na nithe a iarrtar de ghnáth.

- 18.52** I gcás cáiníocóir amháin ar a ndearnadh athbhreithniú, rinneadh eisceacht agus deonaíodh socrú céimnithe maidir le hús a íoc ar bhonn doiciméadú teoranta. Deonaíodh na socruithe céanna do 26 cáiníocóir eile a bhí páirteach sa scéim chéanna um sheachaint cánach gan an fhianaise shonraithe. Measann na Coimisinéirí Ioncaim gur cásanna eisceachtúla iad siúd mar gheall ar an ngá a bhí ann dearbhú QAD a dhéanamh roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2015. Tugadh aird air go raibh fáil teoranta ar airgead sa timpeallacht eacnamaíoch a bhí ann an tráth sin agus dá bhrí sin gur cheart tuiscint réasúnach a bhaint as an QAD. Ceadaiódh an cur chuige sin ar leibhéal Rúnaí Cúnta.
- 18.53** Deir na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuarthas líon mór iarratas ag teannadh le spriocdháta an QAD agus dá bhrí sin gur measadh go raibh sé réasúnach glacadh le doiciméadú bunúsach. Measann na Coimisinéirí Ioncaim gurb ionann dul i mbun socrú ceadaithe maidir le híocaíocht ar bhonn céimnithe agus íocaíocht iomlán chun críocha QADanna.

Slata tomhais feidhmíochta

- 18.54** Go traidisiúnta, is í an chomparáid idir torthaí comhlíontachta ó bhliain go bliain an príomh-mhodh tomhais a úsáideann comhlachtaí ioncaim chun tionchar airgeadais a gcuid oibre a mheas agus iad ag dul i ngleic le neamhchomhlíonadh. Leagann RCM síos spriocanna i leith líon na n-idirghabhálacha iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta a bhfuil sé ar intinn aige iad a dhúnadh gach bliain. Ní mheasann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé iomchuí spriocanna a leagan síos maidir le torthaí.
- 18.55** Bhain Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas amach a spriocanna maidir le ceisteanna faoi ghné agus maidir le meastóireachtaí i leith na bliana 2017. Níor chomhlíon sé a chuid spriocanna i leith iniúchtaí agus agallaimh phróifíle, áfach. Measann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil dul chun cinn na gcásanna ar cheann de na príomhthomhais feidhmíochta agus thug siad ar aird go ndéantar bainistiú gníomhach ar dhul chun cinn cásanna san Aonad ar bhonn leanúnach.
- 18.56** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don fhoireann scrúdaithe go n-úsáideann siad roinnt slata tomhais eile chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht maidir le bainistiú duine aonair ar ardrachmas agus ar a gcuid oibre frithsheachanta, mar shampla,
- líon na scéimeanna nua um sheachaint chánach a aithníodh i mbliain
 - an líon babhtaí teagmhála le réimsí oibríochtúla eile sna Coimisinéirí Ioncaim maidir le hobair frithsheachanta a chur chun cinn agus cáilíocht na mbabhtaí teagmhála sin (meastar eolas i réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim freisin)
 - cáilíocht na hoibre a dhéanann an tAonad agus a chinntiú go mbíonn sé ag feidhmiú laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim um rialachas agus rialú cáilíochta
 - líonrú laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim agus lasmuigh den eagraíocht sin
 - féachaint chuige go bhfuil caighdeán seirbhíse do chustaiméirí á gcomhlíonadh, e.g. go ndéileáiltear in am le héilimh ar aisíocaíocht
 - líon na gcruinnithe a tionóladh le gníomhairí
 - líon na saincheisteanna reachtaíochta teicniúla a aithníodh agus a cuireadh faoi bhráid sheirbhísí dlí na gCoimisinéirí Ioncaim lena scrúdú
 - cé mar a d'éirigh leo tionscadail speisialta a chur chun feidhme nó obair nua a bhunú.
- 18.57** Ní leagann na Coimisinéirí Ioncaim spriocanna síos i leith na slata tomhais feidhmíochta sin, agus ní mheasann siad go mbainfeadh fiúntas leis sin, toisc go bhféadfaí spriocanna a chomhlíonadh gan aon sochar a bheith le baint ag an eagraíocht ná na rannóga dá bharr.

Conclúidí agus moltaí

Luach tairsí

- 18.58** Is ard í an tairseach a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim chun daoine aonair ar ardrachmas a shainiú — glansócmhainní níos mó ná €50 milliún — i gcomparáid leis na caighdeáin idirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, níl ach 480 duine aonair ar ardrachmas á mbainistiú faoi láthair ar bhonn dírithe, comhtháite san Aonad.

Moladh 18.1

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach sin lena chinntiú go bhfuil sí iomchuí go fóill.

Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta

Aontaím leis seo.

Aontaíonn na Coimisinéirí Ioncaim leis an moladh agus déanfaidh siad leathnú ar an líon daoine aonair ar ardrachmas a bhainistítear in Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas agus san Aonad Frithsheachanta. Tá cinneadh déanta cheana féin go roinnfear Rannóg na gCásanna Móra ina dhá rannóg: ceann amháin ag díriú ar chomparáidí agus an ceann eile ag díriú ar dhaoine aonair ar ardrachmas, frithsheachaint agus pinsin. Tá Rúnaithe Cúnta chun a bheith i gceannas ar na Rannóga nua ceaptha cheana féin.

Bailiúchán cánach

- 18.59** Ar an meán, íocann duine aonair ar ardrachmas ráta cánach iarbhair níos airde ar a n-ioncam ná mar a íocann an gnáth-cháiníocóir: meánráta iarbhair 39.2% i leith 2015, i gcomparáid le 16.3% i leith phobal iomlán na gcáiníocóirí a íocann cáin ioncaim. Tá éagsúlachtaí suntasacha le sonrú laistigh de phobal na ndaoine aonair ar ardrachmas, áfach. Cé go bhfuil ráta cánach iarbhair idir 30% agus 40% i réim, tá ráta cánach iarbhair ag 90 duine aonair ar ardrachmas atá níos ísle ná an ráta cánach iarbhair a íocann an gnáth-cháiníocóir.
- 18.60** Is ó líon beag cáiníocóirí a tháinig an cháin ioncaim iomlán a bhí dlite ó dhaoine aonair ar ardrachmas in 2015, agus ba ó dhíreach deichniúr cáiníocóirí a bhí 85% den cháin ioncaim dlite.
- 18.61** In ainneoin go bhfuil glansócmhainní dar luach €50 milliún an duine ar a laghad ag daoine aonair ar ardrachmas, tuairiscíonn 42% díobh ioncam inchánach atá faoi bhun na tairsí €125,000 i leith an tsriain ar lucht ardioncaim agus tuairiscíonn 25% díobh ioncam inchánach atá faoi bhun an mheánphá thionsclaíoch bhliantúil.
- 18.62** Tá líon beag faoiseamh cánach ann faoina dtugtar sochair bhliantúla €167,000 ar an meán do líon an-bheag cáiníocóirí.
- 18.63** Faoin gcóras nochta shainordaithe, cuirtear oibleagáid ar thionscnóirí, ar mhargóirí agus ar úsáideoirí 'idirbheart in-nochta' na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoin idirbheart. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim 11 nochtadh sainordaitheach ó tháinig an scéim i bhfeidhm in 2011, agus fuarthas seacht gcinn díobh sin in 2011. Deir na Coimisinéirí Ioncaim nár aithníodar aon scéimeanna tríd an obair a dhéanann siad maidir le seachaint cánach a mheasann siad ar chóir iad a bheith nochta tríd an gcóras nochta shainordaithe agus nár nochtadh iad amhlaidh.

Idirghabhálacha comhlíontachta

18.64 Leagadh amach san Acht Airgeadais, 2014 nach mór aon íocaíocht chánach agus aon ús is infíochta maidir leis an ábhar atá i nochtadh cáilitheach seachanta a bheith ag gabháil leis an nochtadh. Measann na Coimisinéirí Ioncaim gurb ionann dul i mbun socrú ceadaithe maidir le híocaíocht ar bhonn céimnithe agus íocaíocht iomlán chun críocha an chórais um nochtadh cáilitheach seachanta. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, aithníodh 27 cás nár lean na Coimisinéirí Ioncaim a nósanna imeachta féin iontu maidir le comhaontuithe i leith socruithe íocaíochtaí ar bhonn céimnithe. Faoi threoirínte na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcásanna áirithe is féidir socruithe maidir le híocaíochtaí/tráthchodanna ar bhonn céimnithe a bheith lasmuigh de na treoirínte. Ní shonraítear sna treoirínte cé na cúinsí inar cheart na socruithe sin a dheonú.

Moladh 18.2

Ar mhaithe le cothromas, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim féachaint chuige go nglacfar cur chuige comhsheasmhach de réir na nósanna imeachta ceadaithe i ngach idirghabháil. I gcás socruithe íocaíochta ar bhonn céimnithe, ba cheart go sonrófaí go sainráite i nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim na cúinsí a fhágann gur féidir imeacht ó nósanna imeachta caighdeánacha.

Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta

Aontaím leis seo.

Feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de chreat caighdeán idirghabhála cáilíochta lena dtugtar tús áite do chomhsheasmhacht na cóireála agus idirghabhálacha comhlíontachta á ndéanamh ar fud na rannóg go léir dá gcuid. Aithnítear freisin, áfach, go bhféadfadh cásanna eisceachtúla a bheith ann inarb amhlaidh, i gcás na dtreoirínte de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a cheaptar chun formhór na gcúinsí a chlúdach, nach mbeidh siad infheidhme i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí uile a baineann le cás ar leith.

Slata tomhais feidhmíochta

- 18.65** Ach tomhas rialta a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach i gcoinne spriocanna socraithe, is féidir éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcuspoirí agus na spriocanna a mheas. Ní léir gur féidir tomhas a dhéanamh ar na slata tomhais feidhmíochta go léir a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim i leith Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas. Ina theannta sin, ina gcás siúd is féidir a thomhas, cé is moite den líon idirghabhálacha comhlíontachta, ní leagann na Coimisinéirí Ioncaim síos spriocanna.

Moladh 18.3

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim slata tomhais feidhmíochta a cheapadh ar féidir iad a thomhas, is féidir a bhaint amach agus a bheidh ábhartha do na haidhmeanna straitéiseacha atá ag Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas.

Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta

Aontaím leis seo.

Tá Rannóg nua bunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a bhíonn ag díriú ar dhaoine aonair ar ardrachmas, frithsheachaint agus pinsin. Faoi láthair, déanann Aonad na nDaoine Aonair ar Ardrachmas agus an tAonad Frithsheachanta a gcuid oibre a thomhas trí spriocanna idirghabhála a leagan síos agus monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-idirghabhálacha a bhíonn bunaithe ar riosca amháin. I gcomhthéacs fhorbairt na Rannóige nua, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh na moltaí maidir le slata tomhais feidhmíochta agus an chaoi is fearr leis an bhfeidhmíocht a léiriú i mbainistiú na gcásanna a bhaineann le daoine aonair ar ardrachmas.

Iarscríbhinn 18A


Fíor 18A.1 Critéir agus tairsí maidir le daoine aonair a bhfuil glanfhiúchais ard ag baint leo — Suirbhé ECCE i leith na bliana 2013

Tír	Critéir a chuirtear i bhfeidhm chun daoine aonair a bhfuil glanfhiúchais ard ag baint leo a shainaithint
An Astráil	Cónaitheoirí (agus aon daoine comhlachaithe) a dhéanann rialú iarbhrí ar bhreis is glanrachmas AUD 30 milliún
Ceanada	Daoine aonair a rialaíonn, ina n-aonar nó le páirtithe gaolmhara, glanfhiúchas breis is CAD 50 milliún
An Nua-Shéalainn	Sócmhainní dar luach breis is NZD 50 milliún (tá níos mó ná 30 eintiteas comhcheangailte lena bhformhór)
An Phortaingéil	Ioncam os cionn €5 mhilliún agus rachmas os cionn €25 milliún
An Spáinn	Ioncam breis is €1 mhilliún nó sócmhainní pearsanta dar luach os cionn €10 milliún
An Ríocht Aontaithe	Sócmhainní dar luach breis is Stg £20 milliún
Na Stáit Aontaithe	Daoine aonair a bhfuil luach roinnt deiceanna milliún USD sócmhainní nó ioncaim acu
An Mhalaeisia	Ioncam os cionn MYR 1 mhilliún, sócmhainní os cionn MYR 5 mhilliún nó iad araon le chéile os cionn MYR 5 mhilliún (is fiú thart ar €1 mhilliún MYR 5 mhilliún)
An Rómáin	Daoine aonair a rialaíonn níos mó ná €20 milliún rachmais nó ag a bhfuil ioncam bliantúil tuairiscithe os cionn €3 mhilliún
An Afraic Theas	Ioncam comhlán os cionn ZAR 7 milliún agus/nó sócmhainní neamhualaithe os cionn ZAR 75 milliún (is fiú thart ar €5 mhilliún ZAR 75 milliún)

Foinse: *Tax Administrations 2015: Comparative information on OECD and other advanced and emerging economies*, ECCE, 2015

Iarscríbhinn 18B

Fíor 18B.1 An cur chuige struchtúrtha atá ag na Coimisinéirí loncaim maidir le hidirghabhálacha comhlíontachta i dtaobh na frithsheachanta



Foinse: Na Coimisinéirí loncaim

Iarscríbhinn 18C

Fíor 18C.1 Samplaí de scéimeanna seachanta cánach amhail Eanáir 2018

Cineál scéime	Líon na gcásanna agus an cháin atá i mbaol	Dul Chun Cinn
Scéim um baint amach airgid a bhaineann le cearta scaireanna a aistriú	110 cás ina bhfuil cáin €40.8m i mbaol.	€11.9m ó 43 cás socraithe agus íocaíochtaí €1.7m ar cuntas ó 9 gcás.
Scéim um baint amach airgid a bhfuil socraíochtaí ar iontaobhais i gceist léi	Fógraí tuairime eisithe in 6 chás.	Dlitéanas bunaithe agus socraíochtaí déanta i roinnt cásanna.
Malartú scaireanna, struchtúr neamhchomhdaithe agus laghdú caipitil	Gach cás le breithniú ar a fhiúntas féin.	Ar siúl go fóill
Scéim um chaillteanas CGT bunaithe ar chonradh difríochta i malairt eachtrach agus réamhchonradh sár-urrúis	Thart ar 25 cáiníocóir ag a bhfuil caillteanas iomlán €550m le laghdú féideartha thart ar €110m ar CGT.	Ar siúl go fóill
Caillteanais cánach ioncaim	Cáin suas le €37m i mbaol.	Ar siúl go fóill
Scéim caillteanais Cánach Gnóthachan Caipitiúil	Clár comhlíontachta sonrach chun díriú ar bhreis is deichniúr cáiníocóirí sa scéim seo. Cáin thart ar €1.2m i mbaol.	D'íoc roinnt cáiníocóirí an méid a bhí dlite uathu.
Scéim iontaobhais sochair fostaíochta (A)	Is dócha go gcuirfear roinnt cásanna faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomharc.	Tá idirghabhálacha ar siúl.
Scéim iontaobhais sochair fostaíochta (B)	Táthar ag díriú ar bhreis is 15 cháiníocóir i gclár comhlíontachta sonrach i gcuid 2. Cáin thart ar €2m i mbaol.	Tá idirghabhálacha ar siúl.
Scéim shaorga um chaillteanas trádála	70 cáiníocóir. Cáin €3.5m i mbaol.	Tharraing formhór na gcáiníocóirí siar a gcuid achomharc tar éis an chéad éisteachta de chuid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.
Scéim caillteanais caipitil	Breis is 30 cáiníocóir. Cáin €33.7m i mbaol agus d'fhéadfadh sé go mbeadh cáin bhreise i mbaol de bharr caillteanais chánach €3.4m.	D'éist an Coimisiún um Achomhairc Chánach naoi gcás go dtí seo i bhfabhar na gCoimisinéirí Ioncaim – socraíodh trí cinn agus rinneadh achomharc chun na Cúirte Cuarda i leith sé cinn.
Scéimeanna a thagann faoi Alt 248	Breis is 50 cáiníocóir. Cáin €16.5m i mbaol.	Tharraing 15 cháiníocóir siar a gcuid achomharc roimh éisteachtaí de chuid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Iarscríbhinn 18D

Fíor 18D.1 Cineálacha idirghabhálacha comhlíontachta

An cineál idirghabhála	Cur síos
Cheist faoi ghné	Idirghabháil ghearr spriocdhírthe chun baol ar leith a sheiceáil. Is féidir í a chur i gcrích ar an nguthán, trí ríomhphost slán, trí litir nó trí chuairt a thabhairt agus is féidir í a leathnú amach go hagallamh próifíle nó chuig iniúchadh más gá.
Agallamh próifíle	Scríobhann na Coimisinéirí loncaim chuig cáinócoir agus sainaithníonn siad na réimsí riosca ábhartha. Socraítear dáta le haghaidh agallamh próifíle ina bpléifear na rioscaí ar leagadh béim orthu. Is féidir agallamh próifíle a leathnú amach go hiniúchadh nó go himscrúdú más fiú sin.
Iniúchadh	Scrúdú a dhéanamh ar leabhair, taifid agus comhlíonadh oibleagáidí cánach duine aonair nó cuideachta chun an leibhéal ceart dliteanais a fháil amach. D'fhéadfadh bailiú riaráistí cánach a bheith i gceist leis sin.
Imscrúdú	Sa chás ina gcreideann na Coimisinéirí loncaim, ó scrúdú ar an bhfaisnéis atá ar fáil, gur tharla imghabháil thromchúiseach cánach nó dleachta nó go ndearnadh cion in aghaidh na gCoimisinéirí loncaim, déanann siad imscrúdú. D'fhéadfadh ionchúiseamh coiriúil a bheith mar thoradh air sin.

Foinse: Na Coimisinéirí loncaim